

Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis na gearáin a cláraíodh faoin uimhir thagartha CPLT(2013)01917⁽¹⁾ - An éagmais beart chun mí-úsáid conarthaí comhleantacha ar théarma seasta a chosc in earnáil phoiblí na Spáinne.

Stádas reatha

Mar a luadh i dteachtaireachtaí roimhe seo⁽²⁾, foilsíodh Forairhne-Dlí Ríoga 14/2021 ón 6 Iúil maidir le bearta chun fostaíocht shealadach san earnáil phoiblí a laghdú an 7 Iúil 2021.⁽³⁾ Áiríodh san Fhorairhne-Dlí Ríoga sin leasú ar an mBunreacht le haghaidh Fostaithe Poiblí, arna fhormheas le Forairhne-Dlí Ríoga 5/2015 an 30 Deireadh Fómhair 2015.⁽⁴⁾ Rinneadh an reachtaíocht san Fhorairhne-Dlí Ríoga a mhodhnú le Dlí 20/2021 an 28 Nollaig 2021.⁽⁵⁾ Thairis sin, leasuithe ar na rialacha is infheidhme maidir le fostaithe poiblí a oibríonn in earnálacha poiblí áirithe, rinneadh na leasuithe sin a fhormheas ina dhiaidh sin.⁽⁶⁾

Idir an dá linn, tá roinnt iarrataí ar réamhrialú faighte ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ó chúirteanna na Spáinne⁽⁷⁾ lena ndéantar tagairt do neamh-chomhoiriúnacht fhéideartha na reachtaíochta náisiúnta leasaithe le Clásal 5 den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma seasta atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle⁽⁸⁾ agus, go háirithe, na bearta chun mí-úsáid a eascraíonn as úsáid a bhaint as fostaíocht ar théarma seasta in earnáil phoiblí na Spáinne a chosc agus a phionósú.

Ós rud é go bhféadfadh freagraí na Cúirte ar na ceisteanna arna n-ardú ag na cúirteanna náisiúnta a rinne an tarchur a bheith ábhartha le linn na hanailíse ar na saincheisteanna a ndearnadh imscrúdú orthu faoin nós imeachta oscailte um shárú in aghaidh na Spáinne maidir leis an bhforáil chéanna a thrasú [INFR(2014)4334], chinn an Coimisiún aon ghníomhaíocht eile i gcomhthéacs an nós imeachta sin a chur ar atráth go dtí go bhfoilseofar na breithiúnais ábhartha.

Coinneofar gearánaigh ar an eolas tríd an suíomh gréasáin seo⁽⁹⁾ faoi na chéad chéimeanna eile a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh, i bhfianaise na mbreithiúnas sin, faoi chuimsiú an nós imeachta um shárú thuasluaite.

¹ Tabhair faoi deara gur athraíodh réimír na tagartha ilgearáin ó CHAP go CPLT mar gheall ar athruithe ar ár gcóras inmheánach um chlárú gearán.

⁽²⁾ https://commission.europa.eu/system/files/2022-08/update_mc_20220719_en.pdf

⁽³⁾ BOE Uimh. 161, an 07/07/2021, BOE-A-2021-11233.

⁽⁴⁾ BOE Uimh. 261, an 31/10/2015, BOE-A-2015-11719.

⁽⁵⁾ BOE Uimh. 312, an 29/12/2021, BOE-A-2021-21651.

⁽⁶⁾ Féach, mar shampla, Forairhne-Dlí Ríoga 12/2022 an 5 Iúil 2022 lena leasaítear Dlí 55/2003 maidir leis na creat-rialacháin is infheidhme maidir le foireann na seirbhíse sláinte poiblí. BOE Uimh. 161, an 06/07/2022, BOE-A-2022-11132.

⁽⁷⁾ Féach cásanna C-59/22, *Consejería de Presidencia*; C-110/22, *UNED*; C-159/22, *Agencia Madrileña de Atención Social de la Comunidad de Madrid*; C-331/22, *DG de la Función Pública, Generalitat de Catalunya*; agus C-332/22, *Generalitat de Catalunya*.

⁽⁸⁾ Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcomhaontú réime maidir le hobair ar théarma seasta a thug CEC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lgh. 43-48).

⁽⁹⁾ https://commission.europa.eu/about-european-commission/contact/problems-and-complaints/complaints-about-breaches-eu-law-member-states/how-make-complaint-eu-level/decisions-and-other-notice-multiple-complaints_ga